

NA CEATHAR MAC CRÍONNA.

Fear bocht a bhí ann a raibh ceathar mac mac aige. “Tá sé chomh maith dhíbh imteacht libh” adeir sé “níl tada a’m –sa le tabhairt díbh, agus feuchaint a bhfaigheadh sibh maighistir a thiubhrfadh rud éicint dhíbh le saorthughadh go ceann trí nó ceathair dhe bhlianta.”

D’imigh léothab agus sgearr gur casadh fear léothab agus d’fhiarruigh sé díob cá raibh siad a dul. Dhubhairt siad go mba é nús a raibh siad ag imteacht feuchaint a bhfaighidís duine bith a mhúinfeash ceird éicint dhóibh go ceann trí nó ceathair dh’e bhlianta. “Teanaim uait an aonfeacht liom-sa” adeir sé “agus muinfidh mise ceird dhuit agus beidh sí foghlumthe agat faoi cheann trí blians.” “Cé’n sórt ceirde í fhéin” adeir an mac is sine. “Gadhuigheacht” adeir sé. “Ní maith liom an cheird” adeir sé. “Mara a maith” adeir sé “feudhfuihgh tú éisteacht léithi ach beidh sí agat go maith ní gaduigheacht fhánach a’ bith bhéas agat faoi cheann trí bliana”. “Gabhfhaidh mé leat mar sin” adeir sé. “Bhoil anois” adeir sé leis na dréatharacha “bí gí annseo faoi cheann trí bliana ó indiu chuile dhuine agaibh. “Déanfhaidh sin” adeir an mhuinntir eile.

D’imigh an triúr léotab ansoin agus bhí siad a siubhal léothab aríst. Casadh fear eile dhóibh. D’fhiarruigh sé dhíob cá raibh a dtiarrall ná a dtarraingt. D’innis siad dhó go b’é (go mba é an nós) (gurb é) nús a raibh siad a toruigheacht fear éicint a mhuinfeash ceird dhóib go ceann trí bliana. “Bhoil teamach duine agaibh an aonfeacht liomsa” adeir sé. “Tiocfhaidh mise an aonfeacht leat adeir an darna fear “cé’n sort ceirde atá a’d. “Fear guna” mé adeir sé “múinfidh mé guinearacht dhuit. Bhual sé an aonfeacht leis. “Beidh san áit ar dhubhairt an dreathair eile libh agus beidh mise freisin ann.” Adeir sé leothabh nuair a bhí sé ag imteacht uathab.

Bhuail an bheirt eile léothab ansin agus bhí siad a siubhal agus a síor imteacht gur casadh fear eile léothab. Bheannuigh sé dhóibh agus bheannuigh siad dhó. Dhfhíarruigh sé dhóibh cé raibh siad a dul agus d’innis siad dhó go raibh siad ar thuairisg fear maith a mhuinfheadh ceird dhóib go ceann trí bliana. “Siubhail uait an aonfeacht liomsa cébrí duine is sine agaibh agus beidh ceird mhaith a’d faoi cheann trí bliana.” “Tiocfhaidh mise an aonfeacht leat” adeir an tríomadh mac ach cé’n sort ceird atá a’d. “Bhoil ní bheidh aon bhlas faoi domhan nach mbeidh tú i ndon fheiceáil nuair a bheas trí bliana thuas.

“D’imigh leis a bhfear óg ansoin agus bhí sé ag imteacht i ndiadh a chinn roimhe agus sgearr gur casadh fear leis. D’fhiarruigh an fear dhe cá raibh sé a dul agus dubhairt sé leis go raibh sé a cuartughadh fear a mhuinfheadh ceird dhó.” Dubhairt seisean go múinfeadh sé táiliúrecht dhó” agus ní táiliúracht muga magadh ach an oiread é” adeir sé. “Beidh tú i ndon chuile sórt fhuadháil dhá mba cláracha é.

D'ímtigh leothab agus chaith chaon duine acab trí bliana ann ansoin go raibh an cheird múinte dho chaon dhuine acab. Nuair a bhí a'lá cáirde thuas acab ansoin bhí siad ag dul ag imteacht o chaon dhuine acab agus ní fuar ná folamh a leig siad uathab iad thug siad neart airgid dhóib i dteannta ceird a bheith ag chaon dhuine acab. Tháinig siad abhaile ansoin ag a n-athair go tairibheach.

Nuair a tháinig siad abhaile ansoin bhí Rí gar go leor dhóib agus tugadh ingean uaidh agus ní raibh fhios aige cá ndeachaidh sí. Thairig sé an- duais go dhuine bith dheanfhadh amach dhó í ná mbeadh fhios aige cá ndeachaidh sí. Tháinig siad seo chomh fada leis agus d'fhiarruigh sé dhóib a' mbeadh aon thuairisg acab. "Tá tuairisg a'm sa agus tá fhios a'm cáil sí" adeir an fear seo bhí feiceáil chuile rud. "Tá sí ar charraig sa bhfarraige shiar agus tá ollphéist a' teacht dhá hithe." Níl aon charraig sa bhfarraige shiar" adeir a Rí "ach carraig a bhaineas le Éirinn. Tugaí soitheach libh agus feucaí a bhfeudhfhadh sibh í thabhairt agam agus má thugann tiúbhrfhaidh mé dhuit í. "adeir sé leis a bhfear a chonaic í.

Thug siad leóthab soitheach agus arnú bhí an triomhadh mac dhá fheiceáil a gcómhnuidhe agus bhí siad a seoladh leothab go bhfaca siad thuas ar a gcarraig í agus cloigeann an ollphéist gar go leor dá cosa. "Caithfidh mise í" adeir an guinéara. "Ná caith " adeir an gaduigh "mar má chaitheann tú fhéin í tiúbhrfhaidh sí léithi an bhean ina dhiaidh sin, ach adeir sé "goidfidh mise uaithi í. Ghoid sé an bhean. Nuair a bhí sí istigh sa soitheach bhí go leor carraigeacha ann agus bhí an soitheach istigh i ngar dhon charraig agus cuireadh poll uirthi agus bhí an tuisge a teacht isteach.

Bhí siad a dhul dhá stopadh "ná stopaigí " adeir a tailiúr" ach deanfaidh mise bád. Bhí neart cláracha sa soitheach agus thosuigh sé a fúdháil cláracha agus sul dá raibh an soitheach lán d'uisge bhí an bád fada ba bhreaghtha dhá bhfaca tú ariamh déanta aige. Nuair a thug siad abhaile ag a Rí í. "Anois" adeir a Rí pósfhaidh tú an bhean sin," leis an bhfear a chonnaic í. Ní mar sin atá sé" adeir an fear is sine" mise a ghoid ón iolphéist í agus a thug isteach sa soitheach goidighthe í." "Cé'n mhaith dhuit í ghoid" adeir an guinéara "agus í bheith istigh sa soitheach a'd nach mbeadh sí fhéin agus an soitheach sluigíthe ag an iolphéist marach gur chaith mise leis a'nguna í.

Cé'n mhaith dhuit í i bheith marbh" adeir a tailliúr "nach mbeadh muid uilig báithche nuair a cuireadh poll ar a soitheach marach gur fhuadh mise bád le mo snáthaid. "Níl fhios a'm adeir a Rí, "bhí chuile dhuine agaibh a deanamh rud éicint ach caithfidh muide é fhágáil ar bhreith a bhéuil féin anois." "Muise m'anam" adeir an ingean mar a mbeadh a tailliúr gan tada a dheanamh go b'e a phosfhas mise." Bhoil ní bheidh siad san gan mna" adeir a Rí. "Tá triúr ingean ag triúr dreathar liomsa agus pósfaidh siad sibh. Cuirteadh sgéala acab mar ní scarfhaidh muid libh" adeir sé. Beidh na cheithre phósadh ar aon phósadh amháin ainn. Phós an ceathar acab ansoin agus bhíodar an aonfeacht aríst go bhfuairadar bás.